


**Vótáil Uimh. 1 ar 7 Meitheamh**

# An Comhairleoir David HEALY

green party
comhaontas glas

***Do chomhairleoir áitiúil de chuid an Chomhaontais Ghlais do Bhaile Dúill, Bhaile Ghrifín, Chois Bá, Bhinn Éadair, Chionn Sáile, Mhullach Íde, Phort Mearnóg agus Chill Fhionntain***


www.davidhealy.com
david.healy@cllrs.fingal.ie
087 617 8852


# Machnamh domhanda – gníomh áitiúil

## Clárú chun Vótála

*Tá sé de cheart ag gach éinne de mhuintir na háite vóta a chaitheamh sa toghchán áitiúil. Ach caithfear a bheith ar chlár na dtoghthóirí.*

*Déan an clár a sheiceáil ag checktheregister.ie. Is é 20 Bealtaine an spriocdáta.*

## English language version

*This leaflet is available in English at www.davidhealy.com*

*Chuirim fáilte roimh chumarsáid as Gaeilge.*

## Vótáil Ciarán Cuffe Uimh. 1 don Eoraip



Is é Ciarán Cuffe MEP ionadaí an Chomhaontais Ghlais do Bhaile Átha Cliath san Eoraip, ag gníomhú ar son athrú aeráide, aer agus uisce níos glaine, agus ag cosaint an daonlathais.

Le cúig bhliain anuas bhí lámh aige i ndlithe nua maidir le foirgnimh níos inbhuanaithe, athchóiriú an dúlra, agus tithíochta.

Tá do phríomhvóta uaidh ar 7 Meitheamh chungo gcoimeádfaí guth Glas láidir do Bhaile Átha Cliath i bPairlimint na hEorpa, agus chun cinntiú go gcloisfí do thoil sa Bhruiséil.


**ciarancuffemep@gmail.com**
**086 036 3688**
**CiaranCuffe.ie**

# DAOINE A CHOSAINT



Mar is eol do chách, seasaim i gcónaí do chomhionannas agus chuimsiú do gach éinne. Ba chóir go gcuirfí gach comhairleoir na prionsabail seo chun cinn. Táim tiomanta d'idirbheartaíocht pholaitiúil a ghlacann le dearcthaí éagsúla agus do chomhoibriú idir daoine a léiríonn meas dóibh mar dhaoine ar leith.

Táimid ag saothrú chun tithíocht phoiblí ar chíos costais a sholáthrú go forleathan. Cuirfí tithíocht seasmhach, inacmhainne ar fáil mar thoradh ar seo agus déanfaí cíosanna príobháideacha a mhaolú. De bharr an méid a rinne an Comhaontas Glas, glacadh leis an cur chuige seo ar suíomh de chuid na Comhairle ag Baile Mastún i nDomhnach Bat.



D'athraíomar criosú ceantair áirithe i bhFine Gall ó fhostaíocht amháin go húsáid mheasctha, in Eastát Tionsclaíochta Chill Bharróg mar shampla. Féadfar méid suntasach tithíochta de shaghsanna éagsúla a thógáil ar na suímh seo le nascanna maithe iompair poiblí. Tá gá le tuilleadh athruithe zónála mar seo ionas go mbeidh daoine in ann cur futhu ina gceantar féin agus le hiompar poiblí maith, seachas a bheith brúite amach do contaetha máguaird agus ag brath ar an gcarr do gach turas.



Fosta, tá dúshlán amach romhainn maidir le cuid mhaith den tithíocht atá ann faoi láthair. Tá aisfheistiú suntasach á dhéanamh ag Comhairle Fine Gall ar ár stoc tithíochta chun éifeachtacht agus caighdeáin teasa a fheabhsú, mar shampla ag Sráid Bhaile Átha Cliath I mBaile Dúill agus in eastát Mhuilinn na Trá i bPort Mearnóg. Is iontach an comhoibriú a fheictear a cheadaíonn obair ar thithe príobháideacha mar chuid den gclár oibre agus an conraitheoir ar an tsráid chéanna. Leis an cumas atá ag an gComhairle anois is féidir linn clár aisfheistiú méadaithe a chur i bhfeidhm, agus tá tuilleadh maoine á iarraidh chun dul i mbun na hoibre.

Tar éis cuairte an Aire Iompair Eamon Ryan chuig stáisiún Chluain Ghrifín agus ar an staighre agus an t-ardaitheoir ann, tá tús curtha ag an NTA le proiseas chun córas rochtain dea-dheartha a ndéanfaí cothabháil air a sholáthrú idir an dá linn. Tá mé fós ag obair chun cinntiú go dtógfaí an Cearnóg an Stáisiúin sa chéad chéim den bhforbairt de réir na coinníollacha pleanála seachas é a chur ar an méar fhada mar a tharla go dtí seo.




Tá comhairleoirí de chuid gach páirtí ag cur brú go leanúnach ar fheidhmeannas na Comhairle chun coinníollacha pleanála curtha ag an Bord Pleanála ar Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath chun an pobal a chosaint o fhuaim i rith na hoíche a chur i bhfeidhm. Chomh maith le sin, chuireamar caighdeáin fuaime ar mhaithe le sláinte phoiblí an WHO mar chuspoir i bPlean Forbartha Fhine Gall ach scriosadh amach é faoi stiúir an Aire. Tá agóid dhlíthúil eisithe in aghaidh an cinnidh sin ag cónaitheoirí a bhfuil thíos leis agus grúpa comhshaoil.



Ghlac an Chomhairle d'aon ghuth le mo mholadh chun na pleananna d'Ionad Pobail nua ag Páirc an Ráschúrsa i mBaile Dúill a faomhadh. Is iontach a rud é an aird ar dhearadh nuálach agus ar inbhuanaitheacht sa phlean seo d'fhoirgneamh ciorcalach le díon glas.

# ATHCHOIRIÚ AR AN DÚLRA



Rinne an Bord Pleanála cinneadh i mí na Samhna nár ghá Measúnacht Tionchar Timpeallachta do sna feabhsaithe don ríocht phoiblí ar an tSráid Nua, Mullach Ide atá do choisithe amháin anois. Ghlac an Chomhairle le hath-dhearadh na sráide i mí Eanáir le vóta 22-9, le cúigear ag staonadh.

Tá saineolaithe den tuairim le fada an lá gurb é "an foirgneamh is inbhuanaí ná an ceann atá ann cheana féin". I dtaca le sin d'éirigh linn an téacs seo a leanas a chur sa Plean Forbartha Fhine Gall: "Má mholtar foirgneamh a leagan go talamh, ní mór don iarrthóir tuairisc a chur isteach ag léiriú cás don leagadh, ag tabhairt faoi deara carbón corpraithe na struchtúr mar atá, in éineacht le húsáid acmhainní agus fuinnimh an tógála nua i gcomparáid le hath-úsáid na struchtúr atá ann". Tá moltaí leagadh neamhbhuanaithe á dhiúltú cheana féin dá bharr, ag caomhnú acmhainní agus ag laghdú astaíochtaí láithreach bonn.



Tá Plean Bithéagsúlachta uaillmhianach agus mionsonraithe ghlactha ag Comhairle Fhine Gall, le cuspóiri d'athchóiriú dúlra ar thalamh agus ar mhuir. I measc na gcuspóirí seo ná gnímh praicticiúla ar an bpointe inár suímh cosanta (mar shampla, théadaí fad cosáin ar Inis Mhic Neasáin chun daoine a scaradh amach ó éin neadaithe ar thalamh), agus spriocanna mar athchóiriú ar bheirtrigh sliogéisc fán gcósta, ar fhéir mara, ar cheilpe, agus ar ghnáthóga riasc goirt.



D'éirigh go maith liom féin agus mo chomhghleacaithe Glasa go dtí seo ár tailte ard-áisiúla agus criosanna glasa, mar Limistéar Chonláiste Speisialta Bhinn Éadair, a chosaint ó moltaí athrú zónála. Leanfaimid leis am obair chun cinntiú go mbeidh fáil ag an bpobal ar ár n-oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha chun leasa cuí a bhaint astu.

Tá an Coiste Bainistíochta ag obair leis an bpobal i Limistéar Chonláiste Speisialta Bhinn Éadair, cuid fíorthábhachtach de Bhithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath, chun é a chosaint agus bealaí isteach a fheabhsú, dul i ngleic le Rhododendron ponticum agus speicis ionracha eile, cosaint ó thine trí iníor bainistithe a chur i bhfeidhm, athchóiriú bogaigh, agus go leor eile, mar atá léirithe sa Phlean Oibríochta SAAO Bhinn Éadair.



Tá an OPW ag déanamh monatóireacht anois ar na tránna agus cóstaí boga ó Phort Mearnóg go Cuan Bhaile Átha Cliath. Tá Comhairle Fhine Gall ag cabhrú le caomhnú na ndumhcha le téadaí agus comharthaí eolais. Tá fonn mór ar an bpobal agus ar formhór na gcuairteoirí chuig cladaí ár tránna a chosaint agus a athchóiriú. Táim ag obair chun na caidrimh láidir atá riachtanach chun é seo a chinntiú a thógáil.

Ghlac Comhairle Fhine Gall le Plean Gníomhaíochta Athrú Aeráide cuimsitheach i mí Feabhra tar éis dó a bheith ar fáil don bpobal anuraidh. Cuireann sé béim ar thiomantas na Comhairle comhoibriú leis an bpobal uilig chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide, agus an Comhairle féin chun tosaigh.



Tá mé i mbun feachtasaíochta le roinnt bliana anuas chun go mbeidh eolas iomlán maidir le sceitheadh séarchais isteach i srutháin agus tránna ar fáil don bpobal ar an bpointe. Leanfaidh mé leis an obair seo, agus chun dea-stadas ár n-uiscí a athbhunú más rud é go dtoghfaí arís mé.

Tá maoiniú tugtha do Chomhairle Fhine Gall faoin Scéim Bhonneagar Áineasa Allamuigh do chomórtas ailtireachta chun rochtain nua a thógáil ag Baile Scadán, bunaithe ar dhearadh de chuid Institiúid Ríoga na n-Ailtirí in Éirinn.



Crochtar póstaeir toghchánaíochta anseo is ansiúd ar bhonn gránna agus caifeach faoi láthair. Creideann an Comhaontas Glas gur chóir go gcuirfí áiteanna ar leith ar leataobh dóibh. Ghlac an Chomhairle le mo rún i mí na Nollag go mbeidh Fine Gall toilteanach áiteanna ar leith a cheapadh do phóstaeir, mar a dhéantar i dtíortha eile san Eoraip, má thagann athrú ar an dlí chun é a cheadú.




Chuir taithí rathúil ó thíortha eile, ón Ísiltír ach go háirithe, lenár dtuiscint, agus tá roinnt bonneagair tábhachtach curtha ar fáil dá bharr. É sin ráite, tá turas amach romhainn fós maidir le dearadh sráideanna, bóithre agus bealaí glasa do thaisteal gníomhach. Ní mór dúinn foghlaim go leanúnach ón dea-chleachtas in áiteanna eile.

Anois is féidir trasrianta síogacha de dhearadh simplí a chur ar fáil in ionad rabhcháin ag splancáil. Ní mór do Chomhairle Contae Fine Gall a leithéid a dhéanamh go forleathan. Ba chóir go mbeadh cosáin leanúnacha caighdeánach ag taobh-bóithre.



Is gá díriú ar bhóthair gan chosáin go práinneach. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar dhearthaí ar féidir iad a chur i bhfeidhm go sciobtha, ag Lána Steach Comhaill mar shampla. Tá géarghá le nascanna gearra glasa áitiúla in áiteanna eile, go háirithe idir Chionn Sáile agus Port Mearnóg, faoin line Iarnróid idir Bhaile Dúill agis Cluain Ghrifín, agus thar an líne Iarnróid ó Dhroimnigh go Port Mearnóg Theas.




Tá athruithe d'ardáin ag Gabhal Bhinn Éadair molta ag Iarnród Éireann chun seirbhís tointeála chuig Cois Bá, Cill Fhionntain aus Beann Éadair a éascú mar chuid den bplean chun an DART a shíneadh go Baile Brigín. D'iarr mé orthu conas go n-úsáidfí an seirbhís tointeála arís is arís eile ag cruinnithe comhairliúcháin. D'iarr mé orthu go sonrach conas a bheadh aistir níos tapúla nó níos minice mar thoradh air agus an córas srianta mar atá ag Stáisiún Uí Chonghaile, áit a bhuaileann an line ó Mhaigh Nuad leis.

Mar nach bhfuair mé freagra na ceiste ag na cruinnithe sin, chuir mé iarratas Rochtain Eolais ar an gComhshaoil isteach ag iarraidh gach eolas ar na bealaí oibrreachtúla a d'fhéadfaí na dearthaí nua díriú orthu. Tugann an freagra le fios nach bhfuil a leithéid d'ainilíse déanta. Tá na doiciméid a fuarthas curtha ar líne agam ag davidhealy.com.



**An Comhairleoir David**
# Healy

*Do chomhairleoir áitiúil de chuid an Chomhaontais Ghlais do Bhaile Dúill, Bhaile Ghrifín, Chois Bá, Bhinn Éadair, Chionn Sáile, Mhullach Íde, Phort Mearnóg agus Chill Fhionntain*

www.davidhealy.com

david.healy@cllrs.fingal.ie

087 617 8852

green party
comhaontas glas

*Printed locally by copygraphics.ie*